

# dlr times

AN FHÓMHAIR 2022

## Deontais dlr 2023

**CUIR FEABHAS  
AR DO PHOBAL**

Is feidir tuilleadh eolas a fháil agus  
cur isteach ar dheontas ag

[dlrcoco.ie/grants](https://dlrcoco.ie/grants)

Níos mó ná **€500k** de mhaoiniú bronnta ar thionscadail faoi stiúir an phobail sa bhliain 2022!

 **dlr**  
Comhairle Contae County Council

EOLAS AGUS NUAGHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

FÉACH ISTIGH

Féile le Chéile

Inspregadh agus  
Comhairle maidir  
le Fuinneamh  
Baile a Uasghrádú

# féach istigh

SCÉIM DHEONTAIS dlr 2023 ..... 03

## FAISNÉIS PHOIBLÍ dlr

Coiste Comhairliúcháin Gaeilge ..... 04  
Clinicí Siúil Isteach d'Íocóirí Rátaí Tráchtála ..... 04  
Féile le Chéile dlr 2022 ..... 05

## GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE dlr

Ionspráid agus Comhairle  
d'Uasghráduithe Fuinnimh Baile ..... 06  
Glasú Cearnóg Myrtle agus  
Lána an Chlochair ..... 07

## GNÓ AGUS TURASÓIREACHT dlr

Lá Naisiúnta Fiontraíochta na mBan ..... 08  
Féile Choiméide dlr ..... 08  
Túr agus Músaem James Joyce ..... 08

## PRÓIFÍL FOIRNE dlr

Joe Lumumba ..... 09

## IMEACHTAÍ EALAÍONA AGUS LEABHARLANN dlr

Seirbhísí agus Spásanna  
Inrochtana Leabharlainne ..... 10  
Feile Leabhar na bPaistí 2022 ..... 10  
Mo Leabharlann Oscailte ..... 11  
Taispeántais i Lexicon dlr ..... 11

## DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr ..... 12

## Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9

TEILEAFÓN: 01 205 4700

RÍOMHPHOST: [info@dlrcoco.ie](mailto:info@dlrcoco.ie)

## Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma

Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14

Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm

TEILEAFÓN: 01 205 4880

RÍOMHPHOST: [info@dlrcoco.ie](mailto:info@dlrcoco.ie)

## [dlrcoco.ie](http://dlrcoco.ie)

[dlrtourism.ie](http://dlrtourism.ie) | [events.dlrcoco.ie](http://events.dlrcoco.ie)  
[libraries.dlrcoco.ie](http://libraries.dlrcoco.ie)

Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr

 @dlrcc  [dlrcoco.ie](http://dlrcoco.ie)

 [DunLaoghaireRathdownCountyCouncil](https://www.facebook.com/DunLaoghaireRathdownCountyCouncil)

Más mian leat dlr times a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: [commsoffice@dlrcoco.ie](mailto:commsoffice@dlrcoco.ie)

Tá dlr times ar fáil as Gaeilge – [dlrcoco.ie/dlrtimes](http://dlrcoco.ie/dlrtimes)



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Fáilte go dtí eagrán seo an Fhómhair den dlr Times. Ba mhór an onóir dom a bheith tofa mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i mí an Mheithimh agus táim ag tnúth le bheith ag obair libh go léir chun feabhas a chur ar ár gcontae iontach. Agus muid ag bogadh tríd an bhFómhar agus isteach i míonna an gheimhridh beidh roinnt imeachtaí agus tograí á gcur i bhfeidhm ag an gComhairle. Cuireann an t-eagrán seo eolas ar fáil faoi choiste comhairliúcháin Gaeilge nua na Comhairle, eolas faoi chúrsaí taistil gníomhaí agus lá fiontraíochta náisiúnta na mban.

Tugann an t-eagrán seo eolas freisin ar Scéim Dheontais DLR do 2023. Cuireann an scéim seo maoiniú ar fáil do ghrúpaí i réimse an Ghnó, an Chomhshaoil, na hOidhreacht, na nImeachtaí, an Spóirt, an Phobail agus na nEalaíon. Is deis í seo chun cabhrú le grúpaí tionscadail agus gníomhaíochtaí a chur ar bun.

I measc Féile le Chéile, a bheidh ar siúl ón 29u Meán Fómhair go dtí an 4ú Samhain, tá réimse leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí á eagrú ag an gComhairle agus ag eagraíochtaí agus grúpaí pobail éagsúla.

Ní neart go cur le chéile. Is féidir linn ar fad oibriú le chéile chun caighdeán maireachtála shaoránaigh Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a fheabhsú.

## CLLR. MARY HANAFIN



## Teachtaireacht ó Phríomh-fheidhmeannach Eatramhach dlr

Fáilte go dtí ár n-eagrán Fhómhar 2022 den dlr Times. Ós rud é go bhfuil an méadú ar chostais fuinnimh ar ár n-intinn an Fómhar seo, tá ceardlanna á n-óstáil againn maidir leis an gcaoi ar féidir leat do bhillí fuinnimh a íslíú agus mhéadaigh ár leabharlanna a gcuid fearas coigilte fuinnimh sa bhaile ar féidir leat a fháil ar iasacht chun mioniniúchadh fuinnimh a dhéanamh ar do theach.

Tá ár Scéim Dheontais dlr oscailte anois d'iarratais do 2023 agus an bhliain seo caite amháin leithdháileamar breis agus leathmhíliún de mhaoiniú ar thionscadail faoi stiúir an phobail a chabhráinn linn feabhas a chur ar ár bpobail.

Tá tús curtha le hoibreacht a chearnóg nua an bhaile do Dhún Laoghaire i gCearnóg Myrtle agus tá an tionscadal Folctha Dhún Laoghaire le hoscailt níos déanaí an Fómhar seo, rud a bheidh ina áis iontach do mhuintir na háite agus do chuariteoirí.

Tá neart imeachtaí agus taispeántas ag teacht an Fómhar seo, agus tá súil againn go mbeidh spéis agat iontu.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh freisin le Mary Hanafin as a bheith ceaptha mar Chathaoirleach agus guím gach rath uirthi mar chéad saoránach an chontae don bhliain amach romhainn.

Bain sult as do léamh.

FRANK CURRAN

## Margaí na Comhairle Contae

### PÁIRC AN PHOBAIL & DLR

LEXICON, Dún Laoghaire  
Domhnach 11r.n.-4i.n.

### PÁIRC M HARLAÍ

Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16

Satharn 10r.n.-4i.n. agus Domhnach 11r.n.-4i.n.

### UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

Lasmuigh de Ghnáthuaireanta: 01 677 8844  
[i ndiaidh 5i.n. agus an deireadh seachtaine]

Daoine gan Dídean: 1800 724 724  
[seirbhísí iar-ama]

Uisce Éireann: 1850 278 278  
[24 uair an chloig]

## Páirc-eanna dlr



### PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

### PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE

UAIREANTA OSCAILTE: M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 8r.n. go 7i.n. | Samh. – Ean. 8r.n. go 5i.n. | Feabh. 8r.n. go 6i.n. | Márta 8r.n. go 7i.n. | Aib. 8r.n. go 8i.n. | Beal. – Lun. 8r.n. go 10.30i.n.

### PÁIRC NA BHFIANNA

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

### PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ

UAIREANTA OSCAILTE: 9r.n. – 6i.n.

### PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

### PÁIRC CHNOC CHILL INÍÓN LÉINÍN

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

### PÁIRC M HARLAÍ

UAIREANTA OSCAILTE: M. Fómh. 9r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 9r.n. go 6i.n. | Samh. – Ean. 9r.n. go 5i.n. Feabh. – Márta 9r.n. go 6i.n. | Aib. 9r.n. go 9i.n. | Beal. – Lún. 9r.n. go 10i.n.

### PÁIRC AN PHOBAIL

UAIREANTA OSCAILTE: Noll. – Márta 8r.n. go 4.30i.n. Aib. – Beal. 8r.n. go 7.30i.n. | Meith. – M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. | D. Fómh. – Samh. 8r.n. go 7.30i.n.

### PÁIRC SHEANGÁNAÍ

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain Oscailte

## Eolas faoi athchúrsáil



### PÁIRC ATHCHÚRSÁLA

#### BHAILE UÍ ÓGÁIN

Bóthar Bhaile Uí Ógáin

TEILEAFÓN: 01 291 3600

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Aoine 8.30r.n. go 5.30i.n., Sath. 9.30r.n. go 5.30i.n. | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30r.n. go 5.30i.n..

DÚNTA: Oíche Nollag – Lá Fhéile Stíofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

### IONAD ATHCHÚRSÁLA

#### PHÁIRC ÉIDÍN

Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.

Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n..

DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

### IONAD ATHCHÚRSÁLA

#### SHEANGÁNAÍ

Carrchlós na Reilige, Seanchill

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.

Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n..

DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

## CUIR DO THUAIRIM IN IÚL MAIDIR LE COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

Táimid tiomanta a chinntiú go gcloisfear do ghuth maidir leis na cinntí a dhéanann difear duitse agus do do chomharsanacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Ligeann ár n-ardán comhairliúcháin agus rannpháirtíochta [dlrcoco.ie/haveyoursay](http://dlrcoco.ie/haveyoursay) duit do thuairimí a chur in iúl dúinn cad iad na tosaíochtaí agus na hábhair imní atá agat don Chontae.



## Leabharlanna dlr



### dlr Lexicon

Ardán Haigh, Dún Laoghaire

TEIL: 01 280 1147

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 9.30r.n. – 8i.n.

Aoine go Sath. 9.30r.n. – 5i.n. | Domh. 12i.n. – 4i.n.

### AN CHARRAIG DHUBH

Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór

TEIL: 01 288 8117

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

1.15i.n. – 8i.n.

### CÁBÁN TSÍLE\*

Seanbhóthar Bhré, Cábán tSÍle

TEIL: 01 285 5363

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine\* agus Sath.\* 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

### DEILGINIS

Sráid an Chaisleáin, Deilginis

TEIL: 01 285 5317

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

### GRÁINSEACH AN DÉIN

Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin

TEIL: 01 285 0860

UAIREANTA OSCAILTE: Luan 10r.n. – 5i.n. | Máirt go Déar. 10r.n. – 5i.n. | Nil an mód 'Mo Leabharlann Oscailte' ag feidhmiú faoi láthair.

### DÚN DROMA

Bóthar Bhaile an Teampaill

Uachtarach, Dún Droma

TEIL: 01 298 5000

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt go Déar. 10r.n. – 8i.n.

### SEANCHILL\*

Bóthar na Leabharlainne, Seanchill

TEIL: 01 282 3081

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine\* agus Sath.\* 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

### STIGH LORGAN

Aonad J (An chéad urlár), Lárionad Siopadóireachta Stigh Lorgan

TEIL: 01 288 9655

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Máirt agus Céadaoin 10r.n. – 5i.n. | Déardaoin 10r.n. – 8i.n. | Aoine agus Satharn 10r.n. – 1i.n. agus 2i.n. – 5i.n.

\* Bíonn na leabharlanna a bhfuil réiltín in aice leo ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn - déan teagmháil leo chun sonraí breise a fháil. - Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan más deireadh seachtaine saoire bainc atá ann.

# SCÉIM DHEONTAIS dlr 2023

AR OSCAILT D'IARRATAIS ANOIS

An bhfuil smaoinemh agat d'imeacht nó do thionscadal, idir bheag nó mór, a d'fhéadfadh dul chun tairbhe do cheantar áitiúil sna healaíona, i gcur chun cinn an cheantair ghnó, i bhforbairt pobail, sa chomhshaol agus san athrú aeráide, san oidhreacht nó sa spórt?

D'fhéadfadh do thionscadal difear a dhéanamh d'fholláine agus do cháilíocht saoil, fiú ar bhealach beag, na ndaoine i do chomharsanacht áitiúil!

Gach bliain osclaíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin scéim maoinithe deontais don bhliain dár gcionn, ar a dtugtar Deontais dlr. Cuireann an Scéim maoiniú ar fáil do dhaoine aonair, do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí atá ag gabháil do thionscadail, d'imeachtaí nó do thionscnaimh ag leibhéal na comharsanachta nó an Chontae laistigh dár gceantar, le béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh áitiúla agus do thionscnaimh cosmhuintireacha. Tá maoiniú deontais ar fáil do thionscadail ealaíne, tograí faoi stiúir an phobail, cur chun cinn limistéar gnó áitiúil, forbairt spóirt, oidhreacht áitiúil agus cosaint an chomhshaoil.

Ar mhaithe le dea-rialachas agus trédhearcacht a chinntiú, tá roinnt treoirlínte ginearálta ann a thagraíonn d'iarratas a dhéanamh ar na deontais agus tá roinnt treoirlínte breise ann maidir le catagóirí sonracha deontais. Cuidíonn sé seo lena chinntiú go bhfuil an Chomhairle ag tacú leis an gcuid is fearr i bhforbairt ár bpobail.

Seo an deis duit iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú a d'fhéadfadh tús a chur le tionscadal nó imeacht áitiúil nua. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na deontais shonracha atá ar fáil, conas iarratas a dhéanamh ar líne agus na téarmaí agus coinníollacha ábhartha, téigh chuig [dlrcoco.ie/grants](https://dlrcoco.ie/grants)

**Dúnfar na hiarratais ag 5 i.n. ar an 25 Deireadh Fómhair.**

Watch our dlr Grants promotional video [here](#)

Níos mó ná **€500k** de mhaoiniú dailte ar thionscadail faoi stiúir an phobail anuraidh!

**Podchraoltaí dlr: Buail leis na daoine atá taobh thiar de na seirbhísí**

Tá podchraoladh nua seolta ag dlr a chuirfidh ár bhfoireann ar taispeáint agus a dhéanfaidh aird ar roinnt de na seirbhísí éagsúla a chuirimid ar fáil do phobail ar fud an Chontae. Cloisfeá ár bhfoireann ar an bpodchraoladh, ar a dtugtar 'Insight', agus tabharfaidh siad léargas ar chuid den iliomad seirbhísí a chuireann dlr ar fáil do níos mó ná 200,000 cónaitheoir.

Tá an chéad dá chlár ar fáil ar líne anois ar shuíomh gréasáin dlr ag [dlrcoco.ie/podcast](https://dlrcoco.ie/podcast) agus ar gach ardán sruthaithe mór. Díríonn an chéad chlár ar [Scéim na nDeontas don bhliain 2023](#), agus ar an gclár seo tá Ian Smalley agus Deirdre Black a bhfuil baint acu leis na deontais Pobail agus Oidhreacht faoi seach, agus míníonn siad an próiseas iarratais ar dheontas agus na tacaíochtaí atá i bhfeidhm d'iarratasóirí.

Sa dara heipeasóid, cloistear ó Chonchúr Ó Sé, an tOifigeach Forbartha Gaeilge le dlr, agus insíonn sé a scéal dúinn faoin ngrá atá aige don Ghaeilge agus faoin iliomad bealaí a bhfuil an Chomhairle ag cur na Gaeilge chun cinn ar fud an Chontae.

Má tá seirbhís ar fáil ar mhaithe leat léargas a fháil uirthi ar an bpodchraoladh, seol ríomhphost chuig [podcast@dlrcoco.ie](mailto:podcast@dlrcoco.ie)



# Coiste Comhairliúcháin Gaeilge Nua dlr

Tá an Coiste seo tar éis a bheith curtha le chéile mar chuid de Scéim Gaeilge DLR agus is í aidhm an Choiste ná chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa Chomhairle agus sa Chontae araon agus chun tuairisciú ar chur i bhfeidhm na scéime teanga de chuid na Comhairle.

Tá sé i gceist go réachtálfaidh an Coiste raon imeachtaí i rith na bliana chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn sa Chomhairle agus timpeall an Chontae. Buailfidh an Coiste le chéile ag tréimhsí éagsúla le linn na bliana agus beidh an chéad chruinniú de chuid an Choiste á réachtáil san Fhómhar.

Bunófar fochoiste de chuid an Choiste chun tacú le hainmniú forbairtí nua in dlr agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na hainmplátaí sráide timpeall an Chontae ina bhfuil botúin sna leaganacha Gaeilge.

Má tá aon cheisteanna agat, seol ríomhphost, le do thoil, chuig ár nOifigeach Forbartha Gaeilge, Conchúr Ó Sé ag [coshea@dlrcoco.ie](mailto:coshea@dlrcoco.ie)



## Glaoch ar gach sealbhóir tí fáлта a ghearradh siar



Táimid ag impí ar shealbhóirí tí agus ar úinéirí talún/áititheoirí a chinntiú go ndéantar fáлта coise agus cois bóthair, crainn agus sceacha a ghearradh agus a chothabháil ionas gur féidir le gach coisí taisteal go sábháilte ar chosáin agus ag acomhail. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina fhadhb ar roinnt bealaí do dhaoine lagamhairc toisc nach bhfuil siad ag súil le bac lasnairde.

Déanaimid clár gearrtha crainn ar ár ngréasán bóithre laistigh de na séasúir chúig agus atá ag teacht lenár bpolasaithe agus lenár bpleananna, nuair is ábhartha. D'fhéadfadh roinnt ciumhais a bheith mar chuid de na láithreáin phailneoirí dlr agus d'fhéadfadh córas bainistíochta ar leith a bheith ag teastáil uathu. Má tá aon cheist agat maidir le gearradh i do cheantar, moltar duit teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost a sheoladh chuig [info@dlrcoco.ie](mailto:info@dlrcoco.ie) nó trí ghlaoch a chur ar 01 205 4700.

Is é an séasúr ina gceadaítear fáлта a ghearradh faoin Acht um Fhiadhúlra ná idir tús mhí Mheán Fómhair agus deireadh mhí Feabhra an bhliain dár gcionn.

Is freagracht chomhroinnte í an tsábháilteacht ar bhóithre; baineann sé linn go léir ag déanamh ár gcuid féin chun ár gcosáin agus ár mbóithre a dhéanamh níos sábháilte agus chun a chinntiú go n-éireoidh lenár Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tacaíonn Grúpa Comhairliúcháin agus Míchumais Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leis an tionscnamh seo.

## Athluacháil ar Réadmhaoin Tráchtála Inrátáilte Clinicí Siúil Isteach d'Íocóirí Rátaí Tráchtála

Is éard is athluacháil ann ná an próiseas trína luacháiltear gach réadmhaoin tráchtála inrátáilte i limistéar údaráis áitiúil ag an am céanna, faoi threoir an dáta luachála céanna. Tugann an athluacháil cothromas, aonfhoirmeacht, cothroime agus trédhearcacht isteach i gcóras rátaí na n-údarás áitiúil, rud a fhágann dáileadh níos cothroime ar rátaí tráchtála i measc íocóirí rátaí. Cuireadh tionscadal athluachála Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin siar mar gheall ar an bpaideim COVID-19.

Mar sin féin, lean an obair ar aghaidh ar an tionscadal athluachála agus d'eisigh an Oifig Luachála Deimhniú Luachála Molta d'áititheoirí i gceantar údaráis áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an 23ú Meán Fómhair 2022.

Táimid ag réachtáil clinicí siúil isteach chun le haghaidh íocóirí rátaí. Tabhair leat do **Dheimhniú Luachála Molta** le do thoil:

**3ú & 4ú Deireadh Fómhair, 2022 i Halla an Chontae,  
Bóthar na Mara, Dún Laoghaire**

Ó 9.30r.n. go dtí 1i.n. agus 2.00i.n. go 4.30i.n.

agus

**5ú & 6ú Deireadh Fómhair, 2022 in Oifigí na Comhairle,  
An Phríomhshráid, Dún Droim**

Ó 9.30 r.n. agus 1 i.n. agus 2.00 go 4.30 i.n.

Déan athbhreithniú, le do thoil, ar an Deimhniú Luachála Molta nuair a fhaigheann tú é. Mura bhfuil tú sásta leis an luacháil bheartaithe nó leis na sonraí ar do theastas, ní mór duit athbhreithniú a iarraidh faoin 1 Samhain 2022 tríd an nasc Déan Ionadaíochtaí ag [valoff.ie](http://valoff.ie).

Tá tuilleadh tacaíochta ar fáil d'íocóirí rátaí ag [valoff.ie](http://valoff.ie).

## Comórtas: Siúlóid Fhoraoise Mallaithe



Ar mhaith leat a bheith mar bhuaiteoir ar cheann de cheithre phas teaghlaigh chuig ár n-imeacht bliantúil i bPáirc Mharlaí? Ní oirfeadh sé don duine anbhách, beidh sé seo ina fleá scanraidh saor in aisce lán le scleondar agus faitíos inár bhforaois mallaithe Dé Sathairn 29ú agus Dé Domhnaigh 30ú Deireadh Fómhair. Beidh gach pas comhdhéanta de shé phas saor in aisce a ligfidh do 6 duine dul isteach san Fhoraois Mhallaithe.

Chun cur isteach air seo, níl ort ach clárú le haghaidh an dlr Times trí ríomhphost. Logáil isteach ar [dlrcoco.ie/SamhainComp](http://dlrcoco.ie/SamhainComp) faoin Luan 17ú Deireadh Fómhair. Cuirfead na buaiteoirí ar an eolas Dé Máirt 18ú Deireadh Fómhair. Ádh mór!

## Feile le Chéile dlr 2022

Meán Fómhair – Deireadh Fómhair

### dlr Festival of Inclusion 2022

Promoting Equality,  
Diversity and  
Inclusion in  
Dún Laoghaire-  
Rathdown



Tá lúcháir ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) Féile le Chéile dlr a óstáil gach fómhair. Is í aidhm Féile le Chéile dlr ná chun aird a tharraingt ar thionscnaimh chuimsithe shóisialta agus iad a cheiliúradh agus chun tacú le gach duine agus iad a spreagadh chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phobal.

Is clár imeachtaí pobail um chuimsiú sóisialta é Féile le Chéile dlr a chuireann chun cinn an t-iliomad grúpaí, eagraíochtaí agus oibríthe deonacha a eagraíonn gníomhaíochtaí agus

imeachtaí agus a chuireann tacaíochtaí ar fáil sa phobal. I ngach imeacht bíonn grúpaí agus eagraíochtaí ag tabhairt daoine le chéile chun folláine an phobail a nascadh agus a cheiliúradh agus feacht a ardú, tacaí a chur ar fáil agus cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht a chur chun cinn.

‘Comhionannas, Eágsúlacht agus lonchuimsitheacht a Chur Chun Cinn i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin’ is é téama ginearálta na féile i mbliana. Beidh an fhéile ar siúl i mí Mheán Fómhair 2022 agus i rith mhí Dheireadh Fómhair 2022 le go leor eagraíochtaí agus grúpaí pobail ag óstáil gníomhaíochtaí, siamsaíocht, taispeántais, taibhithe, cainteanna, oiliúint agus ceardlanna ina bpobal.

#### I measc bhuaicphointí na bliana seo tá:

- Imeachtaí Lá Idirnáisiúnta Daoine Scothaosta na Náisiún Aontaithe thart ar an 1 Deireadh Fómhair ag ceiliúradh teacht aniar agus ionchur na mban scothaosta, lena n-áirítear léirithe ó Damhsa Amharclann Éireann agus cruinnithe le chéile ar fud an chontae ar an lá
- Imeacht painéil ar théama na Náisiún Aontaithe maidir le ‘Athléimneacht agus Rannchuidiú na mBan Scothaosta’ ar scáileán agus ar scannán, arna eagrú ag an Institiúid Ealaíne, Deartha + Teicneolaíochta (IADT) le linn mhí Dheireadh Fómhair

- Ceardlann agus taibhiú le ‘The Travellers Theatre’ Dé Luain, an 3ú Deireadh Fómhair sa Stiúideo, Lexlcon dlr
- Taispeántas Grianghrafadóireachta na hÚcráine i Halla an Chontae, Dún Laoghaire ón Máirt 4ú Deireadh Fómhair
- Rith Pobail 5K dlr i bPáirc Chill Bheagóige, 8ú Deireadh Fómhair, 2 i.n.
- Comhpháirtíochtaí i nDeisceart na Cathrach’ Gréasán Women 4 Women, Imeacht bricfeasta ilchultúrtha do mhná ar an 6ú Deireadh Fómhair ó 10 r.n. i Halla an Chontae, Dún Laoghaire
- Ionad Tionscadail an Bhaile Bhric, na healaíona áitiúla, grúpaí ceardaíochta agus cultúrtha agus maidin chaife á hóstáil ag Naomh Eoin Dé ar mhaithe le hOspís na Carraige Duibhe
- Féile Scéalaíochta Fadó Fadó, 22ú – 28ú Deireadh Fómhair i Leabharlanna dlr
- Clár raidió idirghlúine le Dublin South FM
- Seid Fir Dhún Laoghaire, Bóthar Ghleann na gCaorach Íochtarach ag fáiltiú roimh bhail nua le linn mhí Dheireadh Fómhair — Luan, Céad, Dé hAoine: 2-5 i.n.; Máirt & Déardaoin: 10 r.n. — 1 i.n.
- Feacht ar uathachas agus seisiúin tacaíochta teaghlaigh le ‘AsFan’
- Oiliúint phoiblí saor in aisce ar líne ar ‘Réamhrá faoin Éagsúlacht agus faoin lonchuimsitheacht’, ‘Feacht Chultúrtha’ agus ‘LADTI + Feacht agus Oiliúint Chara’
- Imeachtaí an Fhóiraim Imeascaithe dlr le linn mhí Dheireadh Fómhair
- Ionad Cultúrtha Ioslamach na hÉireann, Cluain Sceach — imeacht ‘Know your Neighbour’ a bheidh ar siúl ón 21ú — 24ú Deireadh Fómhair, 12 – 5 i.n. gach lá
- Ceiliúradh Diwali eagraithe ag UTSAV, An Cultúrlann, Cearnóg Belgrave, 22ú Deireadh Fómhair
- Ceardlann ceardaíochta agus lón do mhná, Dún Laoghaire (ar a dtugtaí SWAN roimhe seo), Dé Céadaoin 26ú Deireadh Fómhair ó 10.30 r.n., 57 Cúirt Loch Ainninn, Baile Lochlainn
- Thacaigh Comhairle na nDaoine Scothaosta le himeachtaí le grúpaí daoine scothaosta agus le hIonaid Chúraim Lae ag óstáil seisiúin ‘Cuir aithne ort’ agus seisiúin ‘Buail isteach’ ar fud an chontae le linn mhí Dheireadh Fómhair
- Caint maidir le tacaíocht le gléasanna Digiteacha agus sábháilteacht gréasáin do leanaí i Leabharlanna dlr
- Ceol i bPáirc Mharlaí agus i bPáirc na Carraige Duibhe le linn mhí Dheireadh Fómhair
- Tionscnaimh Pobail an Gharda Síochána chomh maith le laethanta oscailte, cainteanna, ranganna, taibhithe, taenna iarnóna agus go leor eile ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin!

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Féile le Chéile dlr 2022, téigh i dteagmháil leis an Roinn Pobail de Chomhairle Contae dlr ar [community@dlrcoco.ie](mailto:community@dlrcoco.ie) / 01 205 4893.

Breathnaigh ar chlár iomlán na n-imeachtaí:

[events.dlrcoco.ie/event/dlr-festival-inclusion-2022](https://events.dlrcoco.ie/event/dlr-festival-inclusion-2022)



## Tá an Rith Pobail 5k ar ais níos mó arís do 2022!

Ar mhaith leat páirt a ghlacadh in imeacht spráúil gníomhach don teaghlach ar fad agus do gach cumas? Más maith leat, cláraigh anois do Rith Pobail 5k dlr, a bheidh ar siúl ag 2 i.n. Dé Sathairn, an 8ú Deireadh Fómhair 2022. Tá an ócáid chuimsitheach seo ar ais i bhfeidhm go hiomlán don 13ú bliain agus táthar ag súil go mbeidh níos mó ná míle rannpháirtí ag rith, ag siúl, ag bogshodar nó ag rolladh feadh an bhealaigh 5 ciliméadar álainn timpeall Páirc Chill Bheagóige.

Ar siúl le linn ‘Féile le Chéile’ Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, tá an ócáid bhliantúil 5 ciliméadar seo bródúil as a bheith go hiomlán chuimsitheach, oiriúnach do gach aois, cumas agus leibhéal aclaíochta. Le DJ ar láimh chun chur leis an atmaisféar áthasach, déanfar gach rannpháirtí a scealp-amú agus tabharfar ócáid t-léine agus bonn uathúil deartha dóibh ar thrasnú an líne dheiridh.

Ag praghas €5 do dhaoine fásta agus saor in aisce do pháistí, tabharfaidh an ócáid seo deis do gach duine dul amach, spraoi a bheith acu agus a bheith gníomhach ina gceantar áitiúil.

Is féidir leat clárú ar líne ag [dlrcommunity5k2022.eventbrite.ie](https://dlrcommunity5k2022.eventbrite.ie) nó déan teagmháil linn trí ríomhphost a chur ag [sportpartnership@dlrcoco.ie](mailto:sportpartnership@dlrcoco.ie) nó trí ghlaoch a chur ar 01 271 9502.

# Inspreagadh agus Comhairle maidir le Fuinneamh Baile a Uasghrádú

Conas billí fuinnimh a íslíú agus teach níos teo, níos compordáí agus níos sláintiúla a dhéanamh.

Mar chuid de chlár féile ailtireachta [Open House Dublin](#) tá Roinn Ailtirí dlr ag óstáil ócáid chun daoine a spreagadh agus a ghrósú chun síntí cónaithe agus uasghráduithe fuinnimh sa bhaile a spreagadh agus a spreagadh ó 11 r.n. go 1.30 i.n. Dé Domhnaigh 16 Deireadh Fómhair. Beidh an ócáid dhá chuid seo ar siúl i Halla an Chontae, Dún Laoghaire. Beidh Seomra nua-aimseartha na Comhairle agus an Seomra Tionóil sa Sean-Halla ar oscailt don phobal don ócáid seo.

Ar an gcéad dul síos, beidh cur i láthair i Seomra Comhairle Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó 11 r.n. go 12 i.n., ina mbeidh [‘eolas agus samplaí d’athchóirithe baile’](#) le hAiltirí agus Saineolaithe Fuinnimh, ag roinnt cás-staidéir ar thithe atá tíosach ar fhuinneamh. Tabharfaidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) faisnéis faoi na deontais atá ar fáil. Leagfaidh Ailtire Caomhantais béim freisin ar uasghrádú ar struchtúir thraidisiúnta agus chosanta.

Ina dhiaidh sin beidh deis ann [‘Cruinniú leis an Saineolaí’](#) áit ar féidir leis an lucht freastail samplaí de thionscadail chónaithe ag Ailtirí agus Baile Fuinneamh Aonair a fheiceáil. Is féidir leis an lucht freastail taispeántais ar an bhFearas Sábháil Fuinnimh Baile a fheiceáil agus deontais a phlé le hionadaithe SEAI, ó mheán lae go 1.30 i.n. sa Seomra Tionóil, atá mar chuid de Halla Baile stairiúil an 19ú haois.



### An bhfuil tú ag cur síneadh leis an teach?

Beidh ar úinéirí tí atá ag tabhairt faoi athchóirithe móra nó síntí móra, lena n-áirítear níos mó ná 25 % de dhromchla an fhoirgnimh, Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) de B2 a bhaint amach nó chun leibhéal optamach costais a bhaint amach. Ag an ócáid ar an Domhnach 16ú Deireadh Fómhair beidh deis agat bualadh le hAiltirí áitiúla, léargas a fháil, uasghráduithe fuinnimh a phlé agus féidearthachtaí a fhiosrú.

### Tacaíochtaí Uasghrádaithe Fuinnimh ón SEAI

Tá tithe atá faoi úinéireacht úinéirí tí príobháideacha, úinéirí réadmhaoine neamhchorparáideacha agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta incháilithe do scéim SEAI le huasghrádú go teach níos teo, níos sláintiúla agus níos compordáí, le billí fuinnimh níos ísle.

Cuireann an Scéim Náisiúnta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí leibhéal deontais mhéadaithe suas le 50 % de chostas gnáth-iarfheistithe domhain ar fáil do chaighdeán B2 Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF). Tá deontas ann, arb ionann é agus 80 % den chostas tipiciúil, d’insliú balla áiléir agus cuas do gach teaghlach.

Áirítear leis sin suirbhéireacht a dhéanamh ar an mbaile, uasghrádú fuinnimh a dhearadh, an próiseas deontais a bhainistiú, cuidiú le rochtain ar mhaoiniú, conraitheoirí a fhostú chun an obair a sheachadadh agus an cáilíocht na hoibre a dhearbhu.

[Cuir áit in áirithe anois](#) agus cur tús le do thuras coigilteach chun teach níos compordáí a bheith agat.

### TEACH FUINNEAMH COIGILTIS LEIDEANNA AGUS ACMHAINNÍ

- [Rialtas na hÉireann — Do Úsáid a Laghdú](#)
- [SEAI — Deontais](#)
- [An Coimisiún um Rialáil Fóntais \(CRU\) — Maidir leis an mBille](#)
- [Codema — Smaoinigh ar Fhuinneamh](#) (sa bhaile agus ag an obair)
- [SEAI — Leideanna a bhaineann le Fuinneamh a Shábháil sa Bhaile](#)
- [Codema — Foilseacháin](#) (lena n-áirítear Máistirphlean Fuinnimh Bhaile Átha Cliath)
- [SEAI — Acadamh Fuinnimh](#) (foghlaim ar líne)



## Ceantair Shlachtmhara 2022

Ba mhaith le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin comhghairdeas a dhéanamh le gach rannpháirtí i gComórtas Bliantúil na gCeantar Slachtmhara agus buíochas a ghabháil leo. Tugann comórtas na gCeantar Slachtmhara deis don Chomhairle aitheantas agus luach saothair a thabhairt do na hiarrachtaí atá déanta ag cumainn chónaitheoirí agus ag grúpaí bailte slachtmhara chun feabhas a chur ar a dtimpeallacht áitiúil. Is í 2022 an 30ú bliain a reáchtáladh an clár seo laistigh de dlr agus bhí seacht ngrúpa pobail is fiche ann. Cé gur comórtas frithbhruscair agus frith-graffiti go príomha é an comórtas, tá forbairt tagtha air thar na blianta agus anois tá bithéagsúlacht, cosc dramhaíola, gníomhú ar son na haeráide agus rannpháirtíocht an phobail á meas aige.



## Ag glaach ar na Scoileanna Glasa go léir

Agus scoileanna i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ag filleadh ar scoilbhliain nua, ba mhaith leis an Rannóg Feasachta Comhshaoil clár na Scoileanna Glasa a chur i gcuimhne do scoileanna, clár atá á éascú go háitiúil ag foireann na Comhairle Contae, i gcomhar leis An Taisce. Tá clár na Scoileanna Glasa ceaptha chun gníomh scoile uile ar son an chomhshaoil a chur chun cinn agus a aithint. Tugann scoileanna faoi thionscadail fhadtéarmacha ar shaincheisteanna comhshaoil amhail bainistiú dramhaíola agus bruscair, fuinneamh, uisce, iompar inbhuanaithe, bithéagsúlacht agus saoránacht dhomhanda.

Beidh seimineáir oiliúna agus eolais ar siúl i rith mhí Mheán Fómhair agus mhí Dheireadh Fómhair i gcomhar leis An Taisce agus tá an t-eolas is déanaí maidir leo seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Scoileanna Glasa anseo: [greenschoolsireland.org](https://greenschoolsireland.org).

Más mian le do scoil plé a dhéanamh ar do bhrat Glas nó más mian leat páirt a ghlacadh i gclár na Scoileanna Glasa, déan teagmháil leis an Rannóg Feasachta Comhshaoil trí ríomhphost a sheoladh chuig [info@dlrcoco.ie](mailto:info@dlrcoco.ie) nó cuir scairt ar 01 2054700.

## Achainí Oíche Shamhna

Ba mhaith le dlr achainí a dhéanamh ar chónaitheoirí agus gnólachtaí ar aon as a gcuid cúnaimh chun a chinntiú go mbeidh an Oíche Shamhna seo sábháilte agus taitneamhach do gach duine. Is cleachtas mídhleathach, costasach agus contúirteach é dramhaíl a dhó gan smacht i dtine cnámh. Ba mhaith leis an gComhairle achainí a dhéanamh ar chónaitheoirí a bheith ar an airdeall agus aon stoc-charnadh dramhaíola a thuairisciú. Tabhair faoi deara, le do thoil, gur cion é cead a thabhairt do bhailitheoirí dramhaíola gan chead dramhaíl a bhaint agus go bhféadfaí fíneáil suas le €5,000 a ghearradh. Ba cheart aon ábhair ar dócha go dtógfar agus go n-úsáidfead iad le haghaidh tinte cnámh a stóráil go sábháilte agus go slán, nó a dhiúscairt i gceart, roimh Oíche Shamhna. Chun aon stoc-charnadh a thuairisciú cuir glaach ar 01 2054700 nó seol ríomhphost chuig [info@dlrcoco.ie](mailto:info@dlrcoco.ie).



## Fág Lorg Lapaí Amháin

De réir ár bPlean Corparáideach, tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin caighdeán na beatha a shaibhriú trí phobail bheoga tríd an gClár Glas Siúlóide Madraí a chur chun cinn. Is clár faoi stiúir an phobail é seo a chuireann úinéireacht fhreagrach madraí chun cinn ar bhealach dearfach agus neamh-throdach. Más úinéir madraí thú a phiocann suas i ndiaidh do mhadra, glac an gealltanais chun bheith i do Sheaimpín Glas Siúlóir Madraí. Cuirfidh an Chomhairle roinnt málaí dramhaíola madraí deamhíne, dáileoir málaí, sealbhóir málaí úsáidte agus tuilleadh eolais chugat. Chun an gealltanais a ghlacadh, tabhair cuairt ar ár leathanach gréasáin Siúlóirí Glasa Madraí anseo: [dlrcoco.ie/en/environment-awareness-education/green-dog-walkers](https://dlrcoco.ie/en/environment-awareness-education/green-dog-walkers) nó déan teagmháil le [info@dlrcoco.ie](mailto:info@dlrcoco.ie).

## Gníomhú ar son na hAeráide

# Glasú Cearnóg Myrtle agus Lána an Chlochair

Tá obair ar spás nua cathartha le tosú i lár Dhún Laoghaire. Cuirfidh sé áit ar fáil d'úsáideoirí an bhaile fanacht ann, a scíthe a ligean agus taitneamh a bhaint as an atmaisféar. Leis an mbloc beag tógála trasna ón ospidéal bainte go luath in 2021, osclaíodh spás flaithiúil agus déanfar cearnóg chathartha den spás sin anois.

Cuirfear deireadh le tréthracht trí atmaisféar sábháilte, taitneamhach agus síochánta a chothú sa cheann scríbe nua. Beidh líon flaithiúil suíochán ann le béim láidir á leagadh ar chraicín agus ar ghlasú chomh maith le deiseanna súgartha do réimse páistí i measc na ngnéithe a bheidh ar fáil sa spás. Beidh struchtúr saincheaptha a thacaíonn le plandaí dreapadóireachta agus gnáthóg suite ar imeall an spáis in aice le Sráid Sheirse. Déanfaidh a chruth tagairt do thithe tosaigh na gcábala a shamhlaítear laistigh den bhaile agus scáthchruth na mbád seoltóireachta tirimdhochtaithe atá le feiceáil sa chuan. Déanfar claochlú cosúil leis seo ar Lána an Chlochair. Beidh pábháil nua ar ardchaighdeán, flúirse craicín agus plandaí chomh maith le deiseanna súgartha agus aclaíochta do Lána an Chlochair. Cinnteoidh an deireadh a chuirfear leis an tréthracht go mbeidh an lána lán le beocht agus beogacht amach anseo.

Rannóg na bPáirceanna agus na Seirbhísí Tírdhreacha a dhear agus a d'fhorbair an tionscadal seo agus is iadsan a bheidh i gceannas ar an tionscadal seo. Cuirfear tús leis ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus tógfaidh sé bliain amháin le cur i gcrích.



## Slí Isteach Inrochtana Pháirc Chnoc Chill Iníon Léinín

Tá Seirbhísí Páirceanna agus Tírdhreacha dlr ag obair faoi láthair ar an tslí isteach nua inrochtana ag Páirc Chnoc Chill Iníon Léinín. Nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe, cuirfidh sé bealach isteach Vichteoiriach ar taispeáint agus cruthóidh sé bealach isteach nua comhaimseartha a bheidh inrochtana do chách agus a bheidh oiriúnach ó thaobh aoise de i ndearadh.

Beidh an tslí isteach mealltach agus beidh cuma eagraithe air, agus cuirfidh sé rochtain shábháilte ar fáil do chách. Cuirfidh scéim phlandála cuí agus measta dath agus spéis ar fáil, frámófar slí isteach an gheata Vichteoiriaigh go cuí agus feabhsófar suíomh an tsiolbhán. Feabhsóidh athdhromchlú agus suíocháin nua an spás lasmuigh de na Seomraí Tae.

